Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# Fógra Príobháideachais– WiFi Saor in Aisce WiFi4EU

Is í Comhairle Chontae na Gaillimhe an t-údarás áitiúil do Chontae na Gaillimhe agus d'fhonn a feidhmeanna a chur i gcrích, éilítear ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe méid suntasach "Sonraí Pearsanta" a phróiseáil laistigh de bhrí na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 / 2003/2018 ("na hAchtanna") agus na rialachán Eorpach 2016/679 (GDPR). Tugann Comhairle Chontae na Gaillimhe aird ar chearta príobháideachais na ndaoine a ndéanaimid a gcuid Sonraí Pearsanta a phróiseáil agus tá sí ar an eolas maidir lena cuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

Tugtar míniú san Fhógra Príobháideachais seo maidir le mar a dhéanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe Sonraí Pearsanta a bhailiú tríd an tSeirbhís WiFi Saor in Aisce WiFi4EU atá ar fáil i gContae na Gaillimhe. Cuireann an tionscnamh WiFi4EU rochtain saor in aisce ar nascacht WiFi do shaoránaigh i spásanna poiblí chun cinn, spásanna lena n-áirítear páirceanna, faichí, foirgnimh phoiblí, leabharlanna, ionaid sláinte agus iarsmalanna i mbardais ar fud na hEorpa. Faoin tionscnamh seo tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag cur roinnt líonraí WiFi ar fáil d'úsáid phoiblí ar fud Chontae na Gaillimhe. Is féidir liosta de na láithreacha a fháil tríd an nasc thíos:

An Léarscáil Ar Líne a Fháil

**Cén cineál Sonraí Pearsanta a bhaileofar agus conas mar a bhaileofar iad?**

Is i bhfoirm seoltaí MAC (Rialú Rochtana Meáin) nó, ag brath ar shocruithe gairis an úsáideora, i bhfoirm seoltaí MAC randamaithe ghairis chumasaithe do WiFi atá ceangailte leis an líonra a bheidh na sonraí a bhaileofar. Is ionann seoladh MAC agus uimhir aitheantais crua-earraí a dhéanfaidh gach gaireas ar an líonra a aithint go huathúil. Is ionann seoladh MAC agus aitheantóir randamach, anaithnid gairis a ghineann gaireas úsáideora agus a úsáidtear in áit seoladh MAC ceart an ghairis nuair atáthar ag ceangail le líonraí gan sreang. Baileofar seoltaí MAC, nó seoltaí MAC randamaithe, má tá siad cumasaithe ag an úsáideoir, chomh luath a cheanglóidh úsáideoir a ngaireas chuig líonra WiFi. Déanfar na seoltaí MAC, nó na seoltaí MAC randamaithe a anaithnidiú ansin agus ní phróiseálfar sonraí pearsanta a thuilleadh ón bpointe sin ar aghaidh. Baileofar na sonraí chun soláthar an líonra WiFi phoiblí a éascú agus chun staitisticí anaithnidithe a ghiniúint ar úsáid líonra.

**Cén bunús dlí atá againn chun do Shonraí Pearsanta a phróiseáil?**

Is mar seo a leanas an bunús dlí atá ag Comhairle Chontae na Gaillimhe Sonraí Pearsanta a bhailítear ó Sheirbhís WiFi WiFi4EU Saor in Aisce a phróiseáil:

- Airteagal 6 – 1 (e) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údaráis oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir.

Próiseálfar sonraí a próiseáiltear faoin tSeirbhís WiFi Saor in Aisce WiFi4EU chun soláthar an líonra WiFi phoiblí a éascú. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi cheangal conartha an tseirbhís WiFi seo a chur ar fáil trí chomhaontas leis an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Líonraí faoi na cumhachtaí atá tarmligthe uirthi ag an gCoimisiún Eorpach. Tá an scéim seo á rialú ag **Rialachán (AE) 2017/1953**.

**Cé leis a roinnfear do Shonraí Pearsanta?**

Is é *Magnet Networks* an próiseálaí sonraí atá ainmnithe don tseirbhís agus a stórálfaidh na seoltaí MAC anaithnidithe. Coinneoidh *Magnet Networks* faisnéis maidir le seoltaí MAC anaithnidithe ar feadh tréimhse 12 mí agus roinnfear sonraí anaithnidithe le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus leis an gCoimisiún Eorpach chun críche anailísíocht a chur ar fáil maidir le húsáid an líonra WiFi. Is féidir staitisticí maidir le húsáid líonra anaithnid a roinnt leis an bpobal/leis na comhlachais tráchtála.

**Conas mar a chosnóimid do Shonraí Pearsanta?**

Baileofar seoltaí MAC, nó seoltaí MAC randamaithe, ag brath ar shocruithe gairis an úsáideora, chomh luath agus a chumasóidh úsáideoir WiFi agus a roghnóidh úsáideoir ceangal leis an líonra WiFi poiblí. Déanfar na seoltaí MAC, nó na seoltaí MAC randamaithe a anaithnidiú ansin agus ní phróiseálfar sonraí pearsanta a thuilleadh ón bpointe sin ar aghaidh. Dá mb'fhearr leat go ndéanfaí seoladh MAC do ghaireas a randamú sula gcláraítear é ar an líonra WiFi poiblí is féidir an bhfuil an ghné sin cumasaithe i socruithe do ghairis a sheiceáil, nó chun an socrú sin a chasadh air féach ar threoirlínte an déantóra maidir le do ghaireas. Ní ghlacfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe le haon dliteanas as aon damáiste ná aon chaillteanas a fhulaingeoidh úsáideoirí an líonra WiFi phoiblí mar thoradh ar aon athruithe chuig socruithe gairis agus molann sí gur cheart aon athruithe a dhéantar a bheith ag teacht le moltaí dhéantóir an ghairis.

**Cá fhad a choinneoimid do Shonraí Pearsanta?**

Coinneoidh *Magnet Networks* faisnéis maidir le seoltaí MAC anaithnidithe ar feadh tréimhse 12 mí agus scriosfar na sonraí ina dhiaidh sin.

**Céard iad do chearta?**

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin mbealach a bpróiseálann Comhairle Chontae na Gaillimhe Sonraí Pearsanta agus faoi do chearta, féach, le do thoil, Ráiteas Príobháideachais agus Beartas Cosanta Sonraí Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá le fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle galway.ie.

NÓ

Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag 091 509290 nó dpo@galwaycoco.ie

**An Ceart Gearán a Dhéanamh chuig Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí**

Mura bhfuil tú sásta le toradh an fhreagra atá faighte agat ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe i ndáil le d'iarraidh, tá tú i dteideal gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí agus d'fhéadfadh sé an cás a fhiosrú duit.

Is é www.dataprotection.ie láithreán gréasáin Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifig ar:

| | |
|---|---|
| Uimhir Íosghlao: | 1890 252 231 |
| Ríomhphost: | info@dataprotection.ie |
| Seoladh Poist: | An Coimisinéir Cosanta Sonraí |
| | Teach na Canála |
| | Bóthar an Stáisiúin |
| | Cúl an tSúdaire, |
| | Co. Laoise. R32 AP23 |